**Comhairle Contae Chill Chainnigh**

**Imscrúdú scortha**

Rinne an Coimisinéir Teanga cinneadh scor d'imscrúdú i gcás a bhain le Comhairle Contae Chill Chainnigh nuair a tugadh dearbhuithe go gcuirfí I bhfeidhm go cuí na dualgais reachtúla teanga maidir le comharthaí tráchta bóthair. Rinneadh gearán go raibh comharthaí tráchta ar a raibh logainmneacha i mBéarla amháin curtha in airde ag an gComhairle.

Rinne Oifig an Choimisinéara Teanga iarracht comhréiteach a aimsiú leis an gComhairle Contae trí phróiseas neamhfhoirmiúil réitithe gearán na hOifige ach ní raibh toradh air sin agus seoladh imscrúdú foirmiúil.

Léirítear sa Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta na dualgais reachtúla maidir le húsáid na Gaeilge ar chomharthaí tráchta bóthair. I dtaca le logainmneacha, deirtear, i bhfo-alt 1.1.48. den Lámhleabhar, go mbeidh logainmneacha ar chomharthaí eolais dátheangach ach amháin sa Ghaeltacht, áit a gcaithfidh siad a bheith i nGaeilge amháin.

Dúirt an Chomhairle leis an imscrúdú nár léi cuid de na comharthaí a bhí faoi chaibidil ar chor ar bith agus "go gcuireann daoine príobháideacha suas comharthaí agus ainmchláir amanna i ngan fhios do Chomhairle Contae Chill Chainnigh." Dúradh go gcuirtear in airde iad gan chead agus gur i mBéarla amháin a chuirtear in airde iad, den chuid is mó.

Dúirt an Chomhairle go mbeadh na comharthaí eile a bhí lochtach á gceartú nó á mbaint anuas agus go raibh de nós imeachta "go ndéanann an t- Innealtóir cuí nó an pearsanra cuí in ár nOifig um Dhearadh Bóithre an uile comhartha a dheimhniú sula ndéantar iad a ordú agus iad a dhéanamh."

**Imscrúdú seolta: 3 Deireadh Fómhair 2011**

**Imscrúdú scortha: 20 Deireadh Fómhair 2011**